AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.4.2022
COM(2022) 250 final

2022/0119 (BUD)

DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 2 DON BHUISÉAD GINEARÁLTA DO 2022

BARRACHAS ÓN mBLIAIN AIRGEADAIS 2021 A IONTRÁIL

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, a glacadh an 24 Samhain 2021[3],

– buiséad leasaitheach Uimh. 1/2022[4], arna ghlacadh an 5 Aibreán 2022,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad 2022 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá fáil ar na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-en.htm).

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

2 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

3 IO L 45, 24.2.2022.

4 IO L xx, 5.4.2022.

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Tá sé beartaithe le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 2/2022 go n-iontrálfar an barrachas a eascraíonn as cur chun feidhme bhuiséad na bliana 2021 sa bhuiséad le haghaidh 2022. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(3) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[5] (an 'Rialachán Airgeadais'), is é an barrachas ábhar aonair an DBL seo agus tá sé le cur isteach laistigh de 15 lá tar éis na cuntais shealadacha a chur isteach ag deireadh mhí an Mhárta 2022.

1. Tar éis buiséad na bliana 2021 a chur chun feidhme, tá barrachas EUR 3.2 billiún ann, a chuirtear isteach mar ioncam sa bhuiséad le haghaidh 2022 dá réir.

(in EUR)

Miondealú olltoraidh 2021	
Ioncam barrachais	**2 574 755 747**
Caiteachas barrachais	**652 303 060**
Barrachas iomlán	**3 227 058 807**

2. Ach an barrachas á bhuiséadú, laghdófar ranníocaíocht iomlán na mBallstát chuig maoiniú bhuiséad na bliana 2022 dá réir. Beidh tionchar freisin ar na ranníocaíochtaí ó na Ballstát ag réamhaisnéis athbhreithnithe na n-acmhainní dílse a chuirfear ar fáil tar éis chruinniú an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse níos déanaí i mí na Bealtaine 2022 agus áireofar an réamhaisnéis sin i DBL eile ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 44(1)(b) den Rialachán Airgeadais.

3. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2021 i dtéarmaí chur chun feidhme ioncaim:

(in EUR)

Miondealú olltoraidh 2021	**Buiséad 2021 (lena n-áirítear Buiséad Leasaitheach 1-6)**	**Olltoradh**	**Athrúchán**
Ioncam fo-iomlán	**168 010 982 854**	**170 585 738 601**	**2 574 755 747**
— Teideal 1 - Acmhainní Dílse	156 993 359 980	158 632 143 890	1 638 783 910
Tobhaigh agus dleachtanna eile san earnáil siúcra	*0*	*883 297*	*883 297*
Dleachtanna custaim	*17 348 140 020*	*19 036 802 611*	*1 688 662 591*
Acmhainní dílse a fhabhraíonn ó CBL	*17 940 791 850*	*17 933 927 671*	*-6 864 179*
Acmhainní dílse bunaithe ar OIN	*115 857 763 230*	*115 819 165 638*	*-38 597 592*
Ceartú míchothromaíochtaí buiséadacha a deonaíodh don Ríocht Aontaithe	*0*	*0*	*0*
Oll-laghdú ar an ranníocaíocht bhliantúil bunaithe ar OIN a deonaíodh do roinnt Ballstát	*0*	*10 862 017*	*10 862 017*
Acmhainní dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte	*5 846 664 880*	*5 830 502 655*	*-16 162 225*
— Teideal 2 - Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe	1 768 617 610	1 772 041 495	3 423 885
— Teideal 3 - Ioncam riaracháin	1 725 783 332	1 582 329 661	-143 453 671
— Teideal 4 - Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha	515 233 376	1 626 004 706	1 110 771 330
— Teideal 5 - Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí	0	0	0
— Teideal 6 - Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais	7 007 988 556	6 973 218 850	-34 769 706

4. Is é EUR 1 642 milliún méid na nglanathrúchán comhcheangailte i dTeideal 1 (*Acmhainní Dílse*) agus Teideal 2 (*Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe*). Méid dleachtanna custaim níos airde ná a rabhthas ag súil leis a cuireadh ar fáil do bhuiséad an Aontais i míonna deireanacha na bliana, is é sin, den chuid is mó, is cúis leis an difríocht dhearfach sin.

5 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

5. Is é EUR 1 111 milliún an méid atá sna hathrúcháin i dTeideal 4 (*Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha*), ina bhfuil fíneálacha iomaíochta agus ús mainneachtana, íocaíochtaí pionósacha eile agus ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha. Méid fíneálacha iomaíochta níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta (EUR 957 milliún sa bhreis) a íocadh i míonna deireanacha na bliana, is é sin, den chuid is mó, is cúis leis an difríocht dhearfach sin.

6. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2021 i dtéarmaí chur chun feidhme buiséid an chaiteachais le haghaidh na n-institiúidí uile:

(in EUR)

Miondealú olltoraidh 2021	Buiséad 2021 (lena n-áirítear AB1-6)	Olltoradh	Athrúchán
Caiteachas fo-iomlán	**168 010 982 854**	**167 358 679 794**	**-652 303 060**
Leithreasuithe olltoraidh údaraithe sa bhuiséad	**168 010 982 854**	**167 812 011 433**	**-198 971 421**
— an Coimisiún Eorpach	163 703 947 487	163 622 385 683	-81 561 804
Ceannteideal 1 - An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach	*16 670 488 767*	*16 645 756 020*	*-24 732 747*
Ceannteideal 2a - An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	*63 855 086 295*	*63 852 305 111*	*-2 781 184*
Ceannteideal 2b - Athléimneacht agus Luachanna	*3 758 497 873*	*3 751 692 278*	*-6 805 595*
Ceannteideal 3 - Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	*56 021 071 987*	*56 004 511 158*	*-16 560 829*
Ceannteideal 4 - Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	*2 519 397 533*	*2 517 772 210*	*-1 625 322*
Ceannteideal 5 - An tSlándáil agus an Chosaint	*714 020 119*	*708 160 481*	*-5 859 638*
Ceannteideal 6 - An Chomharsanacht agus an Domhan	*11 454 658 856*	*11 451 911 273*	*-2 747 583*
Ceannteideal 7 - Riarachán Poiblí Eorpach	*6 137 143 724*	*6 116 694 818*	*-20 448 906*
Ionstraimí speisialta téamacha	*2 573 582 334*	*2 573 582 334*	*0*
— Institiúidí eile	4 307 035 367	4 189 625 749	-117 409 618
Parlaimint na hEorpa	*2 063 521 135*	*2 051 903 263*	*-11 617 872*
Comhairle & an Chomhairle Eorpach	*594 386 954*	*522 990 866*	*-71 396 088*
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	*444 049 000*	*438 236 491*	*-5 812 509*
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	*153 721 727*	*148 565 360*	*-5 156 367*
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa	*145 024 938*	*131 688 018*	*-13 336 920*
Coiste na Réigiún	*106 740 880*	*105 596 831*	*-1 144 049*
An tOmbudsman Eorpach	*12 501 836*	*11 107 040*	*-1 394 796*
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	*19 463 193*	*16 761 285*	*-2 701 908*
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	*767 625 704*	*762 776 595*	*-4 849 109*
Cealú leithreasuithe a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin	**0**	**-327 465 673**	**-327 465 673**
— an Coimisiún Eorpach	0	-249 983 942	-249 983 942
Cealú leithreasuithe nár úsáideadh a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (uathoibríoch)		*-52 538 699*	*-52 538 699*
Cealú leithreasuithe nár úsáideadh a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (trí chinneadh)		*-197 445 243*	*-197 445 243*
— Institiúidí eile	0	-77 481 731	-77 481 731
Parlaimint na hEorpa		*-38 279 705*	*-38 279 705*
Comhairle & an Chomhairle Eorpach		*-10 065 860*	*-10 065 860*
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh		*-3 331 060*	*-3 331 060*
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa		*-711 148*	*-711 148*
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa		*-2 682 342*	*-2 682 342*
Coiste na Réigiún		*-1 204 696*	*-1 204 696*
An tOmbudsman Eorpach		*-31 534*	*-31 534*
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí		*-124 247*	*-124 247*
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí		*-21 051 141*	*-21 051 141*
Athrúcháin sa ráta malartaithe ar chaiteachas	**0**	**-125 865 965**	**-125 865 965**

7. Is é EUR 652 mhilliún an méid nár chuir na hinstitiúidí uile chun feidhme. Chuir an Coimisiún 99,95 % de na leithreasuithe íocaíochta údaraithe chun feidhme. Bhain tearcúsáid an

Choimisiúin le EUR 81 milliún de leithreasuithe a vótáladh agus EUR 250 milliún leithreasuithe a tugadh anonn ó 2020. Bhain EUR 183 milliún den mhéid sin leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, ionstraim a gcríochnófar ceannach na ndáileog vacsaíne le haghaidh tíortha ísealioncaim ina leith in 2022.

8. Bhí tearcúsáid EUR 117 milliún na n-institiúidí eile agus cealú leithreasuithe EUR 77 milliún ar leibhéil chomhchosúla le leibhéil na mblianta roimhe sin.